



ADVANCED  
General Certificate of Education  
2009

## Tíreolaíocht

Aonad Measúnaithe A2 1

*ag measúnú*

Modúl 4: Próisis Fhisiciúla agus  
Idirghníomhaíochtaí Daonna

[A2G11]

DÉ CÉADAOIN 13 BEALTAINE, IARNÓIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí agat.  
Freagair **dhá** cheist.  
Freagair ceist **amháin** ó gach ceann den **dá** ionad roghnacha a ndearna tú staidéar orthu.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 70 an marc iomlán atá ag dul don pháipéar seo.  
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna **uile**.  
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.  
Moltar go láidir duit an páipéar a léamh ó thus deireadh agus na ceisteanna a mheas sula roghnaíonn tú na cinn a dtabharfaidh tú fúthu.  
Tá Leabhrán Áiseanna ag dul leis an pháipéar seo.

### MEASÚNÚ SIONAPTACH

*Léirítear an chuid shionoptach i ngach ceist le sion. I gcás na gcodanna sionoptacha seo beidh ort tuiscint a léiriú ar na ceangail idir tíreolaíocht fhisiciúil agus tíreolaíocht dhaonna.*

## Aonad A: Dobharthimpeallachtaí agus Timpeallachtaí Cóstá á mB.

- 1 (a) Déan staidéar ar **Áiseanna 1A–1C** (leathanach 2–3 den Leabhrán Áiseanna), cósta á bhainistiú sa Chaisleán Nua, Contae an Dúin. Agus tagairt á déanamh ag háiseanna:
- (i) mínigh cad chuige a bhfuil cosaintí cósta tábhachtach don bhaile mhór, an Caisleán Nua; [4]
  - (ii) déan cur síos agus tabhair míniú ar na modhanna cosanta cósta a bhí in úsáid sa scéim athfhorbartha. [8]
- (b) Agus tágairt á déanamh agat d’áiteanna mar léiriú, cuir síos ar na dóigheanna a dtéann réimse d’éilimh i bhfeidhm ar chriosanna abhann agus ar chriosanna gleanna. [8]
- sion (c)** Agus tagairt á déanamh agat do staidéar bainistiú abhann **ar mhionscála**:
- (i) cuir síos ar na réitigh innealtóireachta a bhí in úsáid feadh na habhann; [5]
  - (ii) meas a éifeachtaí a bhí na bearta a úsáideadh maidir leis an timpeallacht dhaonna agus an timpeallacht fhisiciúil. [10]
- 2 (a) Agus tagairt á déanamh agat d’**Áis 2** (leathanach 4 den Leabhrán Áiseanna) a thagraíonn d’imeachtaí tuile in Boscastle, Cornwall:
- (i) cuir síos ar na tosca fisiciúla agus na tosca daonna a bhí ina gcúis leis na tulite in Boscastle in 2004; [6]
  - (ii) mínigh an dóigh ar chuidigh **ceann amháin** ar bith de na bearta cosanta tuile a cuireadh i bhfeidhm ó 2004 le baol tuile a laghdú in 2007; [4]
  - (iii) sainaithin straitéis **amháin** eile a d’fhéadfáí a úsáid le baol tuile a laghdú in Boscastle, agus scríobh cuntas gearr an an dóigh a bhfeidhmeodh sé. [4]
- (b) Agus tágairt á déanamh agat d’áiteanna mar léiriú, cuir síos ar na dóigheanna a dtéann réimse d’éilimh i bhfeidhm ar chriosanna cósta. [6]
- sion (c)** “Mar fhreagairt ar chreimeadh cósta, ní ach páirt-réiteach ar an fhadhb iad straitéisí innealtóireachta crua.”  
Pléigh an ráiteas seo maidir le do chás-staidéar ar scála réigiúnach ar chosaint chósta. [15]

## Aonad B: Cineál agus Leochaileacht Éiceachóras Trópaiceach

- 3 (a) Agus léaráid anótáilte in úsáid agat, léirigh agus mínigh saintréithe ocsasail.
- (b) Déan staidéar ar **Áis 3** (leathanach 5 den Leabhrán Áiseanna) a chuireann síos ar an chóras traidisiúnta de theasc agus dó mar atá sé á chleachtadh ag grúpa dúchasach in Abhantrach na hAmasóine in Ecuadór.
- (i) Agus **Áis 3 ina cuidiú agat**, mínigh cad chuige a bhfuil talmhaíocht thraidisiúnta teasc agus dó inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de in éiceachórais phoraoise trópaicí. [6]
- (ii) Cén dóigh a n-éireodh teasc agus dó neamh-inbhuanaithe i dtaca le cúrsaí sóisialta agus timpeallachta de? [5]
- sion(c)** Cuir síos ar na fadhbanna a bhaineann le difhoraoisiú ar mhórscála agus, tú ag tagairt do chás-staidéar ar mhionscála, mínigh cén dóigh ar féidir acmhainní foraoise a bhainistiú ar bhonn inbhuanaithe. [15]
- 4 (a) Déan staidéar ar **Áis 4** (leathanach 6 den Leabhrán Áiseanna) a léiríonn cad é mar a théann an crann baobab in oiriúint don éiceachóras trópaiceach breacthuir.
- (i) Mínigh an dóigh a bhfuil an baobab oiriúnaithe dá thimpeallacht bhreacdhuir. [4]
- (ii) Cuir síos ar **dhá** shampla eile d'oiriúnuithe plandaí sna trópaicí breacthuir **nó** in éiceachóras foraoise trópaicí. [4]
- (b) (i) Sainmmhínigh salannú agus mínigh an dóigh a gcuirfeadh uisciú tús le nó a uasghéaródh sé próiseas an tsalannaithe. [6]
- (ii) Cuir síos ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith ar fhadhb an tsalannaithe. [6]
- sion(c)** Ag tagairt do chás-staidéar ar thír i mbéal forbartha, pléigh an dóigh ar úsáideadh modhanna traidisiúnta uiscithe agus modhanna nua-aimseartha uiscithe araon leis na hacmhainní a forbairt. [15]

## Aonad C: Truailliú agus á Bhainistiú

- 5 (a)** Scríobh cuntas gearr ar **dhá** fháth lena mhíniú cad chuige a bhfuil dearctaí ann maidir leis an bhaol a bhaineann le téamh domhanda a bhainistiú.
- (b)** Déan staidéar ar **Áis 5** (leathanach 7 den Leabhrán Áiseanna) a chuireann síos ar chuid de na hiarmhairtí is dócha a bheidh ann mar gheall ar théamh domhanda.
- (i) Is dócha gurb iad na náisiúin bhochta seachas na náisiúin shaibhre is mó a bheidh thíos leis mar gheall ar na hiarmhairtí a bhaineann le téamh domhanda. Agus **Áis 5 ina cuidiú agat**, pléigh an ráiteas seo. [9]
- (ii) Cén teicníc is féidir a úsáid leis an chomhathrú dhomhanda ar mhéaduithe teochta a mhapáil? Mínigh do fhreagra. [3]
- sion(c)** Agus tagairt á déanamh agat do chás-staidéar ar scála réigiúnach ar thruailliú abhann:
- sainaithin foinsí truaillithe na habhann;
  - cuir síos go hachomair ar na straitéisí comhoibritheacha a cuireadh i bhfeidhm leis an truailliú a bhainistiú agus meas a eifeachtaí a bhí siad. [15]
- 6 (a)** Déan staidéar ar **Áis 6** (leathanach 8 den Leabhrán Áiseanna) a thaispeánann roinnt eachtraí a bhaineann le truailliú domhanda.
- (i) Agus tagairt á déanamh agat d'**Áis 6**, mínigh cad chuige a bhfuil sé doiligh truailliú a shainmhíniú. [6]
- (ii) I gcás **ceann amháin** ar bith de na heachtraí a thaispeántar in **Áis 6**, mínigh an ceangal idir an truailliú agus droch-shláinte mhuintir na háite a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an truailliú. [4]
- (iii) Pléigh go hachomair cad chuige a mbeadh iarmhairtí ag **ceann amháin** ar bith de na heachtraí truaillithe in **Áis 6** taobh amuigh den tir inar tharla sé. [4]
- (b) Taispeánann **Áis 6** samplaí de ghuaiseacha annamha truaillithe. Sainaithin sampla **amháin** de ghuais **leanúnach** truaillithe agus cuir síos go hachomair ar a héifeacht ar an timpeallacht. [6]
- sion(c)** Agus tagairt á déanamh agat do chás-staidéar ar scála réigiúnach ar fhorbairt acmhainní núicléacha, pléigh na gníomhaíochtaí is cúis leis an éilliú agus na héifeachtaí a bhíonn aige ar an timpeallacht fhisiciúil **agus** an timpeallacht dhaonna **araon**. [15]

**Aonad D: Guaiseacha Nádúrtha agus Gníomhaíocht Dhaonna**

- 7** (a) Agus léaráid ina cuidiú agat, mínigh an dóigh a bhfuil an ceangal idir próiseas fhoduchtaithe agus próiseas leata ghrinneall na farraige riachtanach do theoiric teicteonaic phlátaí.
- (b) Déan staidéar ar **Áis 7** (leathanach 9 den Leabhrán Áiseanna) a chuireann síos ar chrith talún sa Phacastáin.
- (i) Déan idirdhealú idir iarmhairtí príomhúla creatha talún agus iarmhairtí tánaisteacha creatha talún, ag baint úsáid as na samplaí in **Áis 7**. [5]
- (ii) Cén fhianaise atá ann nach raibh an teagmhas creatha talún seo á bhainistiú ar dhóigh shásúil? [6]
- sion(c)** Agus tagairt á déanamh agat do chás-staidéar ar scála náisiúnta/réigiúnach:
- cuir síos go hachomair ar na hiarmhairtí diúltacha sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le haeráid mhonsúnach;
  - cuir síos ar na hiarrachtaí chun na hiarmhairti seo a laghdú.
- [15]
- 8** (a) Agus léaráid nó léarscáil ina cuidiú agat, mínigh an dóigh a mbíonn monsún fliuch an tSamhraidh agus an aimsir a théann leis ag forbairt. [12]
- (b) Déan staidéar ar **Áis 8** (leathanach 10 den Leabhrán Áiseanna) a chuireann síos ar an taighde atá ar bun faoi láthair ar mhonsún na hIndia.
- (i) Cuir síos go hachomair ar an réasúnaíocht atá taobh thiar den choinchéap go dteipfeadh ar mhonsún fliuch Samhraidh na hIndia san am atá le teacht. [5]
- (ii) Tá sé riachtanach don réigiún seo go bhféadfaí monsún an tSamhraidh a réamh-mheas go beacht. Cad chuige? [3]
- sion(c)** Agus tagairt á déanamh agat do chás-staidéar mionscála ar na hiarrachtaí chun **ceachtar acu** gníomhaíocht bholcánach **nó** gníomhaíocht creatha talún a réamh-mheas, cuir síos ar na modhanna a bhí in úsáid agus meas a rathúla a bhí siad. [15]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

**StudentBounty.com**

**StudentBounty.com**

**StudentBounty.com**